2026/2554

17.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2554 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2682 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le gníomhaithe míleata agus cabhlaigh na stát cósta atá páirteach in oibríochtaí slándála muirí i Murascaill na Guine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2682 [1], lena mbunaítear cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le gníomhaithe míleata agus cabhlaigh na stát cósta atá páirteach in oibríochtaí slándála muirí i Murascaill na Guine, le méid tagartha airgeadais EUR 21 000 000.

(2) An 28 Bealtaine 2026, thacaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála le hath-leithdháileadh beartaithe na gcistí atá ar fáil i gcolún bhearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána in 2026, lena n-áirítear méadú EUR 10 000 000 ar an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh réigiúnaigh chun tacú leis an tslándáil mhuirí i Murascaill na Guine a chumhdach.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/2682 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/2682 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) seirbhísí faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta (ISR) a sholáthar trí shócmhainn aeir le foireann, ar feadh tréimhse 2 bhliain; beidh Lárionad Náisiúnta Oibríochtaí Muirí Chabhlach Chamarún Douala freagrach as eolas a bhaineann le ISR a fháil, a phróiseáil a thuilleadh, agus a chomhroinnt le lárionaid réigiúnacha eile agus le lárionaid chomhordúcháin mhuirí Ollstruchtúr Yaoundé tríd an gCóras Faisnéise Réigiúnach Ollstruchtúr Yaoundé;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mairfidh an beart cúnaimh 67 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 31 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’.

[1] Cinneadh (CBES) 2023/2682 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le gníomhaithe míleata agus cabhlaigh na stát cósta atá páirteach in oibríochtaí slándála muirí i Murascaill na Guine (IO L, 2023/2682, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2682/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS